C/2025/2760

14.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11818 — INTERPARKING / SABA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2760)

1. An 5 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Interparking S.A. ('Interparking', an Bheilg), faoi rialú Ageas SA, (an Bheilg),

— Saba Infraestructuras, S.A. ('Saba', an Spáinn), faoi rialú Criteria, (an Spáinn) faoi láthair.

Gheobhaidh Interparking rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Saba ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Interparking cuideachta sealbhaíochta Interparking Group, cuideachta atá gníomhach i ndearadh, i dtógáil agus i mbainistiú carrchlóis phoiblí táille ar an tsráid agus eas-sráid. Tá láithreacht aige sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, san Ostair, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa Spáinn,

— Is é Saba cuideachta sealbhaíochta Saba Group, cuideachta atá gníomhach i mbainistiú carrchlóis phoiblí táille. Tá láithreacht aige in Andóra, sa Ghearmáin, san Iodáil, i bPoblacht na Seice, sa Phortaingéil, sa Ríocht Aontaithe, sa tSile, sa tSlóvaic agus sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11818 — INTERPARKING / SABA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').